



**LAW REFORM**  
COMMISSION/COIMISIÚN UM  
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015**

---

## AN COIMISIÚN

---

Istigh sa Choimisiún ar Leasú Dlí tá Uachtarán, Coimisinéir amháin lánaimseartha agus trí Choimisinéir páirtaimseartha. Sa bhlian 2015, bhí na daoine seo a leanas sa Choimisiún:

**An tOnórach An tUasal An Breitheamh John Quirke**

Uachtarán

**Finola Flanagan BL**

Coimisinéir Lánaimseartha

**An tOllamh Donncha O'Connell**, An Dámh Dlí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Coimisinéir Páirtaimseartha

**Tom O'Malley BL**

Coimisinéir Páirtaimseartha

**An Breitheamh Marie Baker (suas go Lúnasa 2015)**

Coimisinéir Páirtaimseartha

**An Breitheamh Carmel Stewart (ó Mhí Mhéan Fómhair 2015)**

Coimisinéir Páirtaimseartha

---

## FOIREANN TAIGHDE AN CHOIMISIÚIN

---

**Stiúrthóir Taighde:**

Raymond Byrne

**Bainisteoir Tionscadail do Rochtain ar Reachtaíocht:**

Alma Clissmann

**Bainisteoir Tionscadail Cúnta do Rochtain ar Reachtaíocht:**

Jane Murphy

---

## TAIGHDEOIRÍ DLÍTHIÚLA <sup>1</sup>

---

Hanna Byrne, Lydia Bracken, Cormac Forristal, Niall Fahy, Owen Garvey, Finn Keyes, Kerri McGuigan, Karen McLaughlin, Meghan McSweeney, Sarahrose Murphy, Aileen O'Leary, Fiona O'Regan agus Denise Roche

---

<sup>1</sup> Níor fostaíodh gach aon bhall den fhoireann taighde do bhlian iomlán féilire.

---

FOIREANN RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN<sup>2</sup>

---

**Ceann Riaracháin:** Ciara Carberry (suas go Mí Aibreáin)  
Deirdre Fleming (ó mhí Bealtaine)

**Bainisteoir Eolas Dlíthiúil:** Órla Gillen

**Oifigigh Feidhmiúcháin:** Pearl Martin

**Oifigeach Foirne:** Annmarie Cowley

**Oifigeach Cléireachais:** Liam Dargan  
Brian Purcell  
Patricia Mooney

---

<sup>2</sup> Níor fostaíodh gach aon ball den fhoireann riaracháin do bhliain iomlán féilire.

---

## INNÉACS ÁBHAR

---

<b>RÉAMHRÁ</b>	5
<b>CAIBIDIL 1</b>	
<b>RÉAMHRÁ</b>	
Achoimre ar obair an Choimisiúin sa bhliain 2015	6
Feidhmeanna an Choimisiúin	6
Ráiteas Straitéiseach 2015-2017	7
Modhanna Oibre agus Próiséas Comhairliúcháin	7
<b>CAIBIDIL 2</b>	
<b>LEASÚ DLÍ: CUR I BHFEIDHM DEN CHEATHRÚ CLÁR AR LEASÚ DLÍ, CUR I GCRÍCH AR AN TRÍÚ CLÁR AGUS REACHTAÍOCHT BAINTEACH LE MOLTAÍ AN CHOIMISIÚIN</b>	
A: Achoimre	11
B. Athbhreithniú sonraithe ar obair an Choimisiúin agus cur i bhfeidhm i 2015	11
<b>CAIBIDIL 3</b>	
<b>ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT</b>	
A: Eolaire Reachtaíochta	18
B. Liosta Rangaithe Reachtaíochta	19
C. Achtanna Athbhreithnithe	19
<b>CAIBIDIL 4</b>	
<b>RIARACHÁN</b>	
A: Réamhrá	20
B. An Coimisiún	20
C. Coiste Bainistíochta	20
D. Foireann Riaracháin	20
E. Foireann Taighde agus Leabharlainne	21
F. Airgeadas	22
G. Éifeachtúlacht Fuinnimh	22
H. Socrúcháin Rialachais	22
<b>Aguisín</b>	
Cairt Eagraíochta	24

## RÉAMHRÁ

Ar son an Choimisiún ar Leasú Dlí tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil do 2015 a chur i láthair.

Aithníonn an Tuarascáil seo an dul chun cinn a rinneadh le linn 2015 i dtreo chur i gcrích an Tríú Clár de chuid an Choimisiúin ar Leasú Dlí, forbairt bhreise agus cur i gcrích ar an gCeathrú Clár den Choimisiúin, agus an t-athbhreithniú suntasach agus forbairt ar mhodheolaíocht agus modhanna oibre an Choimisiúin.

Le linn 2015, bhí istigh le foilseacháin an Choimisiúin, Tuarascálacha cuimsitheacha deiridh ar (1) Chonarthaí Árachais Tomhaltóra, (2) Cosc ar Shochar ó Dhúnorgan (3) Barántais Ch uardaigh agus Barántais Bhinse. Bhí istigh leis na Tuarascálacha sin, Billí dréachta.

In Aibreán 2015, chuir an coimisiún ar siúl Seimineár rathúil ar Choiriúlacht ag cur isteach ar Shábháilteacht Phearsanta, Príobháideacht agus Clú san áireamh, Cibearbhullaíocht atá istigh le ceathrú clár an Choimisiúin.

Lean obair ar aghaidh ar 3ú clár an Choimisiúin agus tá ag teacht chun críche. Ionchorpraíonn sé seo na 3 tionscadail dheireanacha (Uimh 7, Fianaise Doiciméadach agus Leictreonach, Uimh 8 an Riail Chlostráichta agus Uimh 11 Fainaise Saineolaí).

Bhí forbairt shuntasach ar mhodheolaíocht an Choimisiúin agus na modhanna oibre agus cuirtear síos ar seo taobh istigh den Tuarascáil agus leanann ar aghaidh.

Leanann obair an Choimisiúin ar Rochtain ar Reachtaíocht ar aghaidh ag fás agus ag cur seirbhísí ar fáil a bhfuil móréileamh orthu sa phobal dlíthiúil agus ginearálta.

Ba mhaith liom bhuíochas a ghabháil le mo Chomhchoimisinéirí Flanagan, O'Malley, Baker agus O'Connell as a gcoimhínt, obair agus tacaíocht le linn na bliana 2015.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil ach go háirithe agus taifead a dhéanamh den bhuíochas sin do mo Chomhchoimisinéirí don ionchur dothuirsithe agus sárluachmhar a rinne an Breitheamh Marie Baker d'obair an Choimisiúin le linn a téarma oifige.

Cuirim fáilte croíúil roimh an athcheapachán de Choimisinéirí O'Malley agus O'Connell agus an ceapachán den Bhreitheamh Carmel Stewart.

Ba mhaith liom obair fhoireann an Choimisiúin a aithint atá beag ach díograiseach - idir taighde agus riarachán araon.

Mar Choimisinéirí, táimid faoi chomaoin don iliomad daoine a fheabhsaíonn agus a chabhraíonn leis an gCoimisún i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna agus táimid fíorbhuíoch as an moladh agus cúnamh deontach a fhaighimid ón iliomad indibhidiúil agus grúpaí a bhfuair an Coimisiún comhairle uathu nó a théann i dteagmháil linn go spontáineach.

Tá an Coimisiún buíoch freisin as an gcomhoibriú agus cúirtéis a fhaigheann sé ó ranna Rialtais agus oifigí, ón Aturnae Ginearálta agus a hOifig agus ó ghníomhaireachtaí Rialtais agus neamh-rialtas eile.

Bhí an obair a chuir an Coimisiún i gcrích i 2015 suntasach ach tá go leor fós le déanamh, agus tá an Coimisiún, a fhoireann agus a bhainistíocht dírithe ar sheirbhís chuimsitheach a chur ar fáil chomh maith le 4ú Clár den chéad scoth sula leantar ar aghaidh go dtí an 5ú Clár.

An tUasal John Quirke,  
**UACHTARÁN**

Meitheamh 2016

## CAIBIDIL 1

### RÉAMHRÁ

---

#### ACHOIMRE AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN SA BHLAIN 2015

---

Is é ról an Choimisiúin faoin *Acht Coimisiúin ar Leasú Dlí 1975* ná an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú, moltaí a dhéanamh do leasú dlí agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana. Ba iad na príomhfhorbairtí i 2015 ná an méid seo a leanas:

- *Foilseacháin ar Leasú Dlí*  
I 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún na Tuarascálacha seo a leanas, agus Billí dréachta iontu ar fad:
  1. *Tuarascáil ar Chonarthaí Árachais Tomhaltóra* (LRC 113-2015), a mhol an t-achtachán ar reachtaíocht a dhaingníonn agus a leasaíonn an dlí ar chonarthaí árachais do thomhaltóirí agus SMEanna, san áireamh: dualgas nochtadh eolais réamhchonartha a ionadú le dualgas freagra a thabhairt ar cheisteanna ar leith; réitigh comhréireacha a chur ar fáil do sháruithe dualgais ag tomhaltóirí ar leith agus SMEanna; ionadú ar bharántais árachais le soláthair a aithníonn rioscaí inárachais; fáil réidh leis an riachtanas d'ús inárachais; cead a thabhairt do pháirtithe tríú páirtí éileamh go díreach i gcoinne árachóra i gcásanna ar leith.
  2. *Tuarascáil ar Chosc ar Shochar ó Dhúnorgan* (LRC 114-2105), a mholann soláthair nua a chur isteach san *Acht Dlíteanas Sibhialta 1961* chun cosc ar chur ar dhuine dúnmharú a dhéanamh, nó ag iarraidh dúnmharú a dhéanamh nó dúnorgan ó shochar a fháil ó aon sheibh den íobartach, in eastát an íobartaigh nó in aon sealúchas eile (chomhthionóntacht, polasaí árachais nó pinsean san áireamh).
  3. *Tuarascáil ar Bharántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse* (LRC 115-2105), a mhol go ndéantar ionadú ar 300 dlí ar bharántais chuardaigh ag aon Acht Barántas amháin le bunrialacha chun cur isteach ar, eisiúint a dhéanamh ar nó cur i bhfeidhm a dhéanamh ar bharántais; agus gur cheart na barántais a eisiúint ag an chúirt amháin.
- *Rochtain ar Reachtaíocht*  
Istigh le obair an Choimisiúin ar rochtain ar Reachtaíocht bhí an méid seo a leanas:
  1. Nuashonraithe ar an Eolaire Reachtaíochta, innéacs ar líne ar athruithe reachtaíochta ar lonsraimí Achtanna agus Reachtúla, nuashonraithe taobh istigh de dhá mhí.
  2. Nuashonraithe ar níos mó ná 240 Achtanna Athbhreithnithe, Achtanna iad seo atá leasaithe ag léiriú athruithe déanta ó achtaíodh iad, nuashonraithe taobh istigh de dhá mhí.
  3. Nuashonraithe ar an Liosta Rangaithe Reachtaíochta, ina bhfuil 2,000 Acht atá curtha i bhfeidhm eagraithe faoi 36 teideal ábhair, nuashonraithe dhá uair sa bhlain; agus ullmhúchán ar Ionstraimí Liosta Rangaithe Reachtaíochta.

---

#### FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

---

Is corp reachtúil é an Coimisiún bunaithe ag an *Acht Coimisiún um Leasú Dlí 1975* a chuireann ar an gCoimisiún an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus taighde a dhéanamh le haidhm chun an dlí a leasú. Sainmhínítear leasú dlí sna réimsí seo a leanas:

- forbairt dlí
- a chódú ( a shimplíocht agus a nua-aimsearthacht san áireamh)
- an t-athbhreithniú agus an daingniú ar an dlí reachtúil

Ó bunaíodh é, d'fhoilsigh an Coimisiún níos mó ná 190 doiciméad (Páipéir Chinnte, Páipéir Chomhairliúcháin, Páipéir Oibre agus Tuarascálacha) ina bhfuil curanna chuige ar leasú dlí. Tá liosta iomlán d'fhoilseacháin Coimisiúin ar fáil ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin ag [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie) áit a bhfuil na foilseacháin ar fad ar fáil chun íoslódáil saor in aisce.

### **Cláracha ar Leasú Dlí agus Iarratais ón Aturnae Ginearálta**

Tagann obair an Choimisiúin ar an leasú dlí ó dhá acmhainn:

- Cláracha ar Leasú Dlí ullmhaithe ag an gCoimisiún agus aontaithe ag an Rialtas agus leagtha os comhair Thithe an Oireachtais
- Iarratais ón Aturnae Ginearálta maidir le cúrsaí áirithe

Bhí ceithre *chlár ag an gCoimisiún ar Leasú Dlí*. Glacadh leis an *gCeathrú Clár de chuid an Choimisiúin ar Leasú Dlí* ag an Rialtas ar an 8 Deireadh Fómhar 2013. Pléitear forbairtí le linn 2015 ag baint le hobair leasú dlí de chuid and Choimisiúin i gCaibidil 2.

### **Rochtain ar Reachtaíocht**

Ó 2006 bhí baint ag obair an Choimisiúin chomh maith chun reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana don phobal. Pléitear forbairtí le linn 2015 sa tionscadal Rochtain ar Reachtaíocht i gCaibidil 3.

---

## **RÁITEAS STRAITÉISEACH 2015-2017**

---

Soláthraíonn *Ráiteas Straitéiseach 2015-2017* an Choimisiúin fráma oibre d'obair an Choimisiúin sa tréimhse trí bliana a chlúdaíodh. Léiríonn an *Ráiteas Straitéiseach* tuairimí an Choimisiúin ar an méid atá le déanamh chun a ionchur a uasmhéadú don leasú dlí agus chun cinntiú go n-oibríonn an eagraíocht ar an éifeachtúlacht is fearr agus an úsáid is fearr ar acmhainní a bhaint amach. Is é *Ráiteas Misin* an Choimisiúin ná: "an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolaíoch, moltaí dá bharr a dhéanamh do leasú dlí agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách". Cosúil leo siúd a tháinig roimhe, leagann an *Ráiteas Straitéiseach* amach príomhthosaíochta an Choimisiúin do 2015-2017, i dteannta le freagrachtaí agus dualgaisí soiléire chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach.

### **Príomhaidhmeanna sa Ráiteas Straitéiseach**

Aithníonn an *Ráiteas Straitéiseach 2015-2017* trí phríomhaidhm. Is iad sin ná:

#### *Príomhaidhm 1: Leasú Dlí*

*Chun leasú a dhéanamh ar an dlí agus taighde a dhéanamh le aidhm chun forbairt, simpliú, nua-aimsearú agus códú ar dhlí na hÉireann.*

#### *Príomhaidhm 2: Rochtain ar Reachtaíocht*

*Reachtaíocht a dhéanamh ar a staid reatha inrochtana go héasca ar líne don phobal, mar leasaith in áit achtaíodh, agus eolas bainteach a chur ar fáil.*

#### *Príomhaidhm 3: Riarachán*



*Chun seirbhísí corparáideacha riaracháin agus gnó éifeachtach, nua-aimseartha agus proifisiúnta a sholáthar don Choimisiún chun tacú leis agus a aidhmeanna á bhaint amach.*

Leanann an Tuarascáil Bhliantúil seo na Príomaidhmeanna seo.

---

## MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISÉAS COMHAIRLIÚCHÁIN

---

Tá obair an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach agus cuimsitheach. Tá a fhios ag an gCoimisiún tábhacht a bhaineann le cinntiú go bhfuil a gcur chuige chun leasú bunaithe i gcleachtas. Le linn ummhúchán curanna chuige chun, cuirtear comhairliúcháin ar siúl le páirtithe a bhfuil suim acu i dteannta le cleachtóirí dlíthiúla, proifisiúnaigh chúithe eile, coirp ionadaíocha, polaitheoirí agus baill den Rialtas agus Oifigí Rialtais agus Ranna Rialtais, agus baill den phobal ar mhaith leo dul ag plé leis an gCoimisiún. Cuirtear na tuairimeacha agus eispéiris de na teagmhálacha seo san áireamh i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

### **Modheolaíocht**

Chun na spriocanna atá leagtha amach ina Chláracha ar leasú Dlí agus iarratais ón Aturnae Ginearálta, tá gach tionscadal sannaithe do thaighdeoirí faoi stiúir ginearálta an Stiúrthóra Taighde. Maidir leis an tionscadal Rochtain ar Reachtaíocht, oibríonn taighdeoirí faoi stiúir an Stiúrthóir Taighde.

Déanann an Coimisiún agus athbhreithníonn sé a chuid oire de réir a Phlean Bhliantúil.

### **An próiséas comhairliúcháin**

Tá comhairliúchán barrthábhachtach d'obair an Choimisiúin. Is féidir seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, cuir i gcás ag bualadh le saineolaithe nó cleachtóirí ag obair in réimse ar leith, nó iondaithe ó grúpa a bhfuil suim acu ann. Ullmhaíonn agus foilsíonn an Coimisiún doiciméid chomhairleoirachta, Páipéir Chinnte. Soláthraíonn siad seo próiséas struchtúrtha ina bhfuil ionchuranna scríofa á lorg ó pháirtithe a bhfuil suim acu ann. Cuirtear na hionchuir seo san áireamh i ndruchtú den Tuarascáil dheireanach ar an ábhar, agus aon chúrsaí nó cúiseanna imní a éiríonn astu taobh istigh den Tuarascáil. Sula ndruchtar an Tuarascáil, de ghnáth cuirtear seimineár ar siúl ina gcuireann an Coimisiún cuireadh chuig páirtithe a bhfuil suim acu ann, iad siúd a rinne ionchuir san áireamh.

I 2015, bhí seimineár poiblí ag an gCoimisiún ar an 22 Aibreán i ndiaidh foilseachán ar an b *(Páipéar Cinnte ar Chibearchoiriúlachta ag cur isteach ar Shábháilteacht Phearsanta, Príobháideachas agus Clú i dteannta le Cibearbhullaíocht* (LRC IP 6-2014) (Ceathrú Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 2).

Ceanglaíonn an Coimisiún Bille dréachta i ngach aon Tuarascáil ina ndéanann sé moltaí ar a bhfuil athrú reachtaíochta de dhíth de réir tarcurtha faoin Acht 1975 chun reachtaíocht dréachta a chur san áireamh áit a mholann sé leasú ar an dlí.

Téann an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe a bhfuil suim acu ann maidir leis an tionscadal rochtain ar Reachtaíocht, san áireamh leis sin, Oifig an Aturnae Ginearálta, ranna rialtais, an ghairm dhlíthiúil agus an pobal ginearálta. Cuireann an Coimisiún san áireamh forbairtí sa straitéis ríomhReachtaíocht Rialtais agus nua-aimsearú leanúnach ar Leabhar Reachta na hÉireann sa chomhthéacs idirnáisiúnta níos leithe de *Rialachán níos fearr*.

Chun inrochtaineacht a éascú, tá gach foilseachán de chuid an Choimisiúin , comhairliúcháin san áireamh, ar líne ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin faoin nó ar láithreán Gréasáin Leabhar Reachta leictreonach na hÉireann, eISB.

### **Cumarsáid le ranna rialtais**

Déanann an Coimisiún cumarsáid le ranna rialtais faoi thionscadail reatha agus don todhchaí. Buaileann an Coimisiún le chéile dhá uair sa bhliain leis an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais chun athbheithniú a dhéanamh agus cúrsaí comhshuime a phlé, i ndlí coiriúil agus sibhialta.

### **Coiste Comhairliúcháin an Aturnae Ghinearálta**

Is éard atá i gCoiste Comhairliúcháin an Aturnae Ghinearálta ná ranna rialtais ar leith, Comhairle Ghinearálta Abhcóidí na hÉireann , Cumann Dlí na hÉireann agus Oifig an Aturnae Ghinearálta.

### **Cruinnithe le Coistí Oireachtais**

Bíonn cruinnithe tréimhseacha ag an gCoimisiún leis an gComhchoiste Oireachtais ar Dhlí, Cosaint agus Comhionannais chun clár oibre an Choimisiúin a phlé. Buaileann an Coimisiún le coistí eile Oireachtais ó am go chéile.

### **Comhdhálacha, cuairteanna agus teagmhálacha meán**

Freastalaíonn Coimisinéirí agus foireann taighde agus glacann siad páirt i seimineáir agus comhdhálacha poiblí go rialta. Cothaítear teagmhálacha le coirp leasú dlí i ndlínsí eile trí fhreastal ar sheimineáir chuítithe agus trí chuaierteanna a óstáil ó choirp le leasú dlí. Go ginearálta, is urlabhraithe do na meáin iad Coimisinéirí le rólanna comhordnaithe agus príomhrólanna i dtionscadail ar leith agus An Stiúrthóir Taighde.

## CAIBIDIL 2

# LEASÚ DLÍ: CUR I BHFEIDHM DEN CHEATHRÚ CLÁR AR LEASÚ DLÍ, CUR I GCRÍCH AR AN TRÍÚ CLÁR AGUS REACHTAÍOCHT BAINTEACH LE MOLTAÍ AN CHOIMISIÚIN

---

## ACHOIMRE

---

### (1) Foilseacháin ar Leasú Dlí i 2015

Le linn 2015, bhí an Coimisiún páirteach in obair i go leor de na 11 tionscadal sa *Cheathrú Clár ar Leasú Dlí* agus i gcur i gcrích na dtionscadal fágtha ón Tríú Clár. Pléitear iad seo go sonrach thíos.

I 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún an méid seo a leanas:

1. *Tuarascáil ar Chonarthaí Árachais Tomhaltóra* (LRC 113-2015), a mhol an t-achtachán ar reachtaíocht a dhaingníonn agus a leasaíonn an dlí ar chonarthaí árachais do thomhaltóirí agus SMEanna, san áireamh: dualgas nochtadh eolais réamhchonartha a ionadú le dualgas freagra a thabhairt ar cheisteanna ar leith; réitigh comhréireacha a chur ar fáil do sháruithe dualgais ag tomhaltóirí ar leith agus SMEanna; ionadú ar bharántais árachais le soláthair a aithníonn rioscaí inárachais; fáil réidh leis an riachtanas d'ús inárachais; cead a thabhairt do pháirtithe tríú páirtí éileamh go díreach i gcoinne árachóra i gcásanna ar leith.
2. *Tuarascáil ar Chosc ar Shochar ó Dhúnorgan* (LRC 114-2015) (Ceathrú Clár, Tionscadal 7) a mholann soláthair nua a chur isteach san *Acht Dlíteanas Sibhialta 1961* chun cosc ar chur ar dhuine dúnmharú a dhéanamh, nó ag iarraidh dúnmharú a dhéanamh nó dúnorgan ó shochar a fháil ó aon sheibh den íobartach, in eastát an íobartaigh nó in aon sealúchas eile (chomhthionóntacht, polasaí árachais nó pinsean san áireamh).
3. *Tuarascáil ar Bharántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse* (LRC 115-2015) (Tríú Clár, Tionscadal 3) a mhol go ndéantar ionadú ar 300 dlí ar bharántais chuardaigh ag aon Acht Barántas amháin le bunrialacha chun cur isteach ar, eisiúint a dhéanamh ar nó cur i bhfeidhm a dhéanamh ar bharántais; agus gur cheart na barántais a eisiúint ag an chúirt amháin.

### (2) Cur i bhFeidhm Mholtaí an Choimisiúin i 2015

Bhí i gceist leis an reachtaíocht seo a leanas, achtaithe nó á phlé i 2015, cur i bhfeidhm mholtaí déanta ag an gCoimisiún: *Acht Chinnteoireacht Cuidithe (Cumas) 2015*, *Acht Leanaí agus Caidrimh Teaghlaigh, 2015*, *Acht um Fhiachas Sibhialta (Nósanna Imeachta), 2015*, *Acht Airgeadais (Achomhairc Chánacha) 2015*, *An Bille um Dlí Choiriúil (Cionta Caite) 2012* (achtaithe mar *Acht um Dlí Choiriúil (Cionta Caite agus Nochtadh Eolais) 2016*) agus Cuid 3 den Bille um Dlí Choiriúil (Cionta Gnéis) 2015. D'fhoilsigh an Rialtas líon Billí Scéime (nó Ceanna Billí) maidir le moltaí an Choimisiúin. Tá bainteach leis seo, an Scéim maidir le *An Bille um Dlí Choiriúil (Smachtbhannaí Pobail)*, An Scéim maidir le *Bille Tiarna Talún agus Tionónta* agus an Scéim maidir le *Bille Idirghabhála agus Comhréiteach*. Is éard atá i láithreán Gréasáin an Choimisiúin [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie) ná roinn ina bhfuil achoimre ar chur i bhfeidhm Thuarascálacha an Choimisiúin, á nuashonrú ar bhun rialta.

Pléitear ábhar sa chuid seo den chaibidil faoi na sé cheannlíne ginearálta:

1. Cúirteanna, Dlí Poiblí agus Forfheidhmiú Rialaitheach (pp.11-12).
2. Dlí Coiriúil agus Nós Imeachta (Ich. 13).
3. Dlíteanas Sibhialta agus Dlí Tráchtála (Ich. 15).
4. Dlí Fianaise (Ich.13).
5. Dlí Talún, Comharbas agus Iontaobhais (Ich. 17).
6. Dlí Teaghlaigh (Ich. 17).

## **1. CÚIRTEANNA, DLÍ POIBLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ RIALAITHEACH**

### **1.(a) Forfheidhmiú Rialaitheach agus Cionta Corparáideacha**

Le linn 2015, chríochnaigh an Coimisiún machnamh cúramach ar Pháipéar Cinnte maidir lena thionscadal ar Fhorfheidhmiú Rialaitheach agus Cionta Corparáideacha (<sup>Ceathrú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 1). Ag éirí as sin, i mí Eanáir 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Cinnte ar Fhorfheidhmiú Rialaitheach agus Cionta Corparáideacha* (LRC IP 8-2016).

### **1. (b) Forfheidhmiú ar Oibleagáidí Idirnáisiúnta i nDlí Baile**

Le linn 2015, lean an Coimisiún ar aghaidh le hobair ar an tionscadal maidir le forfheidhmiú ar oibleagáidí idirnáisiúnta i ndlí baile (4<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 10). Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún Páipéar a fhoilsiú ar an tionscadal seo le linn 2016.

### **1. (c) Daingniú agus Códú Dlí**

Le linn 2015, lean an Coimisiún ar aghaidh ag obair ar an tionscadal bainteach le daingniú agus códú reachtaíochta (4<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 11). Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Páipéar Cinnte a fhoilsiú ar an tionscadal seo le linn 2016.

### **1. (d) Seirbhís Ghíuiré**

Dearbhaíonn an Clár Rialtais Reachtaíochta Fómhar -Geimhreadh 2015 (Roinn C) go bhfuil *Bille Gíuiré* le foilsiú chun *Tuarascáil an Choimisiúin a chur i bhfeidhm ar Sheirbhís Ghíuiré* (LRC 107-2013) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 1), ina raibh moltaí leathna do leasú an dlí ar sheirbhís ghíuiré, leagtha amach faoi láthair san *Acht Gíuiréithe 1976*. Cuireadh i bhfeidhm moladh sa Tuarascáil ar ghiúróirí breise i dtrialacha fada trí leasú ar an *Acht Gíuiréithe 1976* ag na *Cúirteanna agus Dlí Sibhialta (Soláthair Éagsúla) 2013*.

### **1. (e) Réiteach Díospóide Ailtéarnach: Eadráin**

Dearbhaíonn an Clár Rialtais Reachtaíochta Fómhar -Geimhreadh 2015 (Roinn B) go bhfuil *Bille Eadráin* le foilsiú chun Tuarascáil ar Réiteach Díospóide Ailtéarnach de chuid an Choimisiúin a chur i bhfeidhm: *Eadrán* (LRC 107-2013) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 5).

### **1. (f) Daingniú agus Leasú ar Achtanna na gCúirteanna**

earbhaíonn an Clár Rialtais Reachtaíochta Fómhar -Geimhreadh 2015 (Roinn C) go bhfuil *Bille Cúirteanna (Daingniú agus Leasú)* le foilsiú a chuirfeadh i bhfeidhm an

Tuarascáil ar Dhaingniú agus Leasú ar Achtanna na gCúirteanna de chuid an Choimisiúin 2010 (LRC 97-2010) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 6).

### **1.(g) Binsí Fiosriúcháin**

Bhí an *Bille Binsí Fiosriúcháin 2005* bunaithe ar an mBille Binsí Fiosriúcháin dréachtaithe i dTuarascáil an Choimisiúin ar *Fhiosriúcháin Phoiblí ina measc Binsí Fiosriúcháin* (LRC 73-2005) (DaraClár ar Leasú Dlí, Tionscadal 8), ag fanacht ar an Staid Tuarascála i nDáil Éireann i 2015.

## **2. DLÍ COIRIÚIL AGUS NÓS IMEACHTA**

### **2.(a) Barántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse**

I 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Bharántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse* (LRC 115-2015) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 3).

#### *Barántais Chuardaigh*

Thug an Tuarascáil faoi deara go n-eisítear na mílte barántas cuardaigh gach aon bhliain, go príomha sa Chúirt Dúiche. Údaraíonn go leor barántas an cuardach ar áitreabh agus gabháil ábhair maidir le goid ceaptha, cionta drugaí nó cionta corparáideacha. Tugann an Tuarascáil faoi deara gur tharla sé ó 2015 go raibh níos mó ná 300 soláthar reachtaíochta ar elith (143 Acht agus 159 Rialacháin Aire) a údaraíonn an Garda Síochána agus a rialaitheoirí (cuir i gcás an Banc Cannais, ComReg agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) chun cur isteach ar an gCúirt Dúiche do bharántais cuardaigh. Tá rialacha difriúla ag baint leis na dlíthe seo chun barántais Chuardaigh a eisiúint agus a chur i bhfeidhm, agus is móide go mbeadh rudaí trína chéile nó mí-éifeachtach uaidh sin.

Molann an Coimisiún gur cheart na 300 dlí seo a ionadú le Acht amháin Barántais Chuardaigh, ina mbeidh bunrialacha ann chun barántais a eisiúint agus a chur i bhfeidhm. I measc na bpríomhmholtaí ar bharántais cuardaigh tá an méid seo:

- Ba cheart barántais cuardaigh a eisiúint ag cúirt. Sa chuid is mó de chásanna, beidh an Chúirt Dúiche i gceist, mar is amhlaidh an cás faoi láthair. Ceadáinn roinnt reachtaíocht reatha Gardaí agus coimisinéirí síochána barántais Chuardaigh a eisiúint i gcásanna práinneacha nuair nach bhfuil breitheamh ón gCúirt Dúiche ar fáil; ach molann an Tuarascáil nár cheart ach ag breitheamh ón Ard-Chúirt barántais Chuardaigh phráinneacha a eisiúint, agus gur féidir seo a dhéanamh ag baint úsáide as nasc beo teilifíse nó ar an nguthán.
- Bheadh an tAcht Barántais Chuardaigh bainteach le gach cion indíotáilte agus do cionta ar leith achomhair (go príomha iad siúd ag baint le cur i bhfeidhm dlí a shíolraigh ón AE).
- Is é an tréimhse ama bailí do bharántais cuardaigh ná 7 seacht lá agus is féidir cur leis seo más gá (3 shíneadh ama amháin). Ba cheart go mairfeadh barántais Chuardaigh phráinneacha a eisiúint ag an Ard Chúirt 24 uair amháin. Ba cheart teoireannacha ama eisceachtúla 20 lá do bharántais cuardaigh, mar shampla *Acht Banc Ceannais (Stiúrthóireacht agus Forfheidhmiú) 2013* agus *Acht Comhlachtaí 2014* a choinneáil mar is gá iad seo chun cionta corparáideacha casta a scrúdú.
- Ba cheart barántais Chuardaigh, go ginearálta, a eisiúint ag amannta réasúnacha (de ghnáh, uaireanta solas lae), agus is féidir iad a chur i bhfeidhm ag amannta eile ("ruathair éirí na gréine") má dhéantar cás sa chúirt gur gá seo.
- Is féidir ábhar a chreidtear go réasúnach gur fianaise é maidir le cion, gan a bheith díreach ag baint leis an gcion a dtagraíonn an barántais Chuardaigh do, a ghabháil má fuarthas é le linn an cuardaigh.

- Ba cheart inghlacthacht ábhair ar a bhfuil pribhléid bronnta (cuir i gcás, pribhléid phroifisúnta dhleathach) a bhreithniú ag an Ard Chúirt.
- Ba cheart Cód Cleachtais maidir le Barántais Chuardaigh a fhoilsiú ag an Aire Dlí, Cirt agus Comhionannais, ina mbeadh treoir phraiticiúil ar an nós imeachta i ndiaidh barántais Chuardaigh.
- Níor cheart go gcuirfeadh teipeadh ar chomhlíonadh leis an Acht Barántais Chuardaigh nó leis an gCód Cleachtais leis féin, cur isteach ar inghlacthacht fhianaise. Leantar leis na rialacha ar inghlacthacht nó neamh-inghlacthacht mídhleathach agus míbhunrechtúil fianaise fós á bhforbairt ag na cúirteanna.

*Barántais bhinse agus barántais chimithe d'fhíneálacha neamhíoctha: príomhmholtaí*  
Is éard is barántais bhinse ann ná barántais ghabhála a eisíonn an Chúirt Dúiche de ghnáth nuair a theipeann duine dul os comhair cúirte. Eisíonn an Chúirt Dúiche beagnach 30,000 barántais Chuardaigh gach bliain. Baineann an chuid is mó acu seo le tiomáint ar meisce agus cionta bóthair agus mí-ord poiblí eile, ach baineann méid suntasach le damáiste coiriúil, cionta drugaí agus goidte. I 2014, níor cuireadh i bhfeidhm níos mó ná 31,000 barántais bhinse (go leor ag baint le riaráiste barántais níos sine).

Is barántais ghabhála iad barántais chimithe freisin (tugtar "barántais phionóis" orthu uaireanta) agus eisítear iad seo de ghnáth ag an gCúirt Dúiche, a ordaíonn gabháil agus príosúntacht ar dhuine. I 2014, bhí mar thoradh ar beagnach 9,000 barántas príosúntacht d'fhíneálacha nár íocadh; agus 88,000 barántas cimithe (go leor ag baint le riaráiste barántais níos sine) nár cuireadh i bhfeidhm.

Is iad na príomhmholtaí maidir le barántais bhinse agus barántais chimithe ná:

- Tacaíonn an Tuarascáil le moltaí i gCigireacht an Gharda 2014 *Tuarascáil ar Fhiosriú Coiriúil* ar chur chuige leanúnach náisiúnta chun déileáil le riaráiste barántais bhinse nár cuireadh i bhfeidhm agus barántais chimithe, a bhfuil ag baint le hoibriú an Gharda don chuid is mó.
- Ba cheart an tAcht Fíneálacha (*Íocaíocht agus Athghabháil*) 2014 a chur i bhfeidhm: ceadáíonn sé do chúirt maidir leis an rogha go n-ordaítear go n-íocfar fíneáil i staideanna nó trí ordú ceangailte, agus laghdódh seo an gá barántais chimithe a eisiúint nuair nach n-íocfar fíneálacha (ó cuireadh i bhfeidhm an Tuarascáil a foilsíodh i 2014 i 2016).
- Baineann na mílte barántais chimithe le fíneálacha nár íocadh do chionta bóthair tráchta agus go minic bainteach le fógraí pionóis gearrtha socra nár íocadh. Ba cheart Roinn 44 den Acht um Thrácht Bóthair 2010 a cheadaíonn do dhuine táille seasta a íoc i ndiaidh go bhfuil toghairm eisithe, a chur i bhfeidhm freisin mar laghdódh sé seo an líon barántais chimithe freisin a éisítear gach bliain.
- Ba cheart reachtaíocht a achtú chun cead a thabhairt do dhuine a chiontaíodh sa Chúirt dúiche a bhfuil fíneáil ann a fhreagairt tríd an bpost: tá an áis seo ar fáil cheana i go leor tíortha, an Ríocht Aontaithe san áireamh., a mhol níos mó ná 300 dlí ar bharántais chuardaigh a ionadú le Acht Barántais Chuardaigh amháin le bunrialacha ar chur isteach, eisiúint agus cur i bhfeidhm barántais; agus gur cheart barántais a eisiúint ag an gcúirt amháin.

## **2. (b) Coiriúlacht ag cur isteach ar shábháilteacht phearsanta, príobháideachas agus clú, cibearbhullaíocht san áireamh**

I mí Aibreán 2015, chuir an Coimisiún ar siúl seimineár ar a thionscadal ar chibearchoiriúlacht ag cur isteach ar shábháilteacht phearsanta, príobháideachas agus clú, cibearbhullaíocht san áireamh (4<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 6) a lean a bhfoilseachán ar a *Pháipéar Cinnte ar chibearchoiriúlacht ag cur isteach ar shábháilteacht phearsanta, príobháideachas agus clú, cibearbhullaíocht san áireamh* (LRC IP 6-2014). Is iad cainteoirí an tseimineáir ná: an tUasal Michael Tugendhat, breitheamh sinsearach meáin d'Ard-Chúirt Shasana atá éirithe as; Mary Aiken, Ollamh

agus Stiúrthóir ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Ionad Taighde Cibearshíceolaíochta; An Dr Brian O'Neill, Cathaoirleach ar an nGrúpa Comhairliúcháin Rialaithe ar Ábhár Idirlín; Fergal Crehan, Abhchóide Dlí; Michael McDowell, Abhchóide Sinsearach; Jennifer Schweppe, Léachtóir Dlí, Ollscoil Luimnigh; Sinéad Mc Sweeney, Stiúrthóir Sinsearach Twitter ar Pholasaí Poiblí don Eoraip, an Meán-Oirthear agus an Afraic; Ian Power, Stiúrthóir Fheidhmeach ag SpunOut.ie; agus an tSáirsint, Bleachtair, Jennifer Molony, Aonad Fiosriúcháin d'Fhoréigean Baile agus Ionsaí Gnéis, An Garda Síochána. I ndiaidh comhairliúchán breise le páirtithe a bhfuil suim acu, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún a Thuarascáil a fhoilsiú ar an ábhar seo i 2016.

## **2. (c) Pianbhreitheanna Ar Fionraí**

I mí na Samhna 2015, thosaigh an Coimisiún obair ar a thionscadal maidir le Pianbhreitheanna Ar Fionraí (4<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 5), a dhéanfaidh machnamh ar na prionsabail a chuireann na cúirteanna i bhfeidhm agus iad ag déanamh cinnidh ar phianbreith ar fionraí.

## **2. (d) Cionta Gnéis: Inniúlacht do Thoilíú**

Chuir Cuid 3 den Bhille ar *Dhlí Coiriúil (Cionta Gnéis) 2015*, a bhaineann le gníomhanna gnéis le daoine cosanta (daoine nach bhfuil inniúil chun toiliú do ghníomhanna gnéis), san áireamh *Tuarascáil an Choimisiúin ar Chionta Gnéis agus Inniúlacht chun Toiliú* (LRC 109-2013) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadail 12 agus 14). Glacadh leis an mBille 2015 ag gach staid i Seanad Éireann i mí Eanáir 2016.

## **2. (e) Cionta Caite**

Chuir an tAcht um *Dhlí Choiriúil (Cionta Caite agus Nochtadh Eolais Áirithe) 2016* a achtaíodh i mí Feabhra 2016 i dTuarascáil an Choimisiúin ar *Chionta Caite* (LRC 84-2007) (2<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 10). Bhí moill ar achtú an Achta 2016, a cuireadh i láthair mar an *Bille um Dhlí Choiriúil (Cionta Caite) 2012*, chun cinntiú go raibh sé oiriúnach go iomlán le coinbhinsiún na hEorpa ar Chearta Daonna, go háirithe ag cur san áireamh an cinneadh sa chás *Sasanach R (T) v Príomh-Chonstabal de mhórchuid Manchester*,<sup>3</sup> inar cuireadh in iúl nach raibh roinnt gnéithe den reachtaíocht Bhriotanach chomparáideach an tAcht um *Athshlánúchán Ciontóirí 1974* ag dul leis an gceart cosanta de shaol príobháideach faoi Alt 8 den Choinbhinsiún

## **3. DLITEANAS SIBHIALTA AGUS DLÍ TRÁCHTÁLA**

### **3.(a) Conarthaí Árachas Tomhaltóra**

I 2015 d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Chonarthaí Árachas Tomhaltóra* (LRC 113-2015) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 34) a rinne níos mó ná 100 moladh do leasú ar na rialacha reatha i gconarthaí árachas tomhaltóra. Thug an Tuarascáil faoi deara go bhfuil an dáta ag baint le go leor de na rialacha seo ón 18<sup>ú</sup> Aois, nuair a socraíodh árachas de ghnáth idir trádálaithe loinge agus árachóirí beaga, agus bhí eolas níos mó go minic ag na trádálaithe ná na hárachóirí chun an riosca a bhreithiú. Mar sin, leanann na rialacha ar aghaidh ag baint inniu le conarthaí árachais atá déanta idir tomhaltóirí (SMEanna san áireamh) agus árachóirí ilnáisiúnta móra le acmhainní suntasacha airgeadais, teicniúla agus achtúireacha. Bhí mar thoradh ar an Tuarascáil nach meaitseálann rialacha reatha de na cumhachtaí margála tomhaltóra i gcomparáid le hárachóirí móra. Mhol an Tuarascáil mar sin achtú na reachtaíochta

---

<sup>3</sup> [2013] EWCA Civ 25, [2014] UKSC 35.

chun leasú a dhéanamh ar dhualgaisí na n-arachóirí agus tomhaltóirí agus iad a dhéanamh cothrom.

Thug an Tuarascáil faoi deara, ó 2006, go raiibh Coimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige agus Coimisiún Dlí na hAibain gafa i gcomh-aithbhreithniú ar dlí conartha árachais, agus mar thoradh air sin bhí achtú ar athruithe suntasacha do dlí comparáideach an Ríocht Aontaithe, san *Acht Tríú Páirtithe (Cearta i gcoinne Árachóirí) 2010, an tAcht Árachais Tomhaltóra (Nochtadh Eolais agus Ionadaíochtaí) 2012, an tAcht Árachais 2015* de chuid an Ríocht Aontaithe. Thug an Tuarascáil aird ar leith ar na hathruithe seo i ndlí an Ríocht Aontaithe mar gur móide go mbeadh éifeacht acu ar chúrsaí oibriúcháin in Éirinn. Thug an Tuarascáil faoi deara freisin gur tháinig an Coimisiún Eorpach ar an tuairim i 2014 go bhféadfadh na difríochtaí faoi leith i dlí conartha árachais sna Ballstáit a bheith ina bhac suntasach don bhforbairt bhreise ar an earnáil árachais san Aontas Eorpach, mar sin ag daingniú an riachtanas gur cheart go mbeadh dlí na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe cosúil lena chéile.

#### *Leasuithe a bhainfidh le tomhaltóirí agus SMEanna*

Mhol an Tuarascáil go mbainfeadh a aighneachtaí le conarthaí árachais idir comhlachtaí árachais agus tomhaltóirí ar leith nó SMEanna le láimhdeachasde níos lú ná €3 milliún. Baineann an sainmhíniú ar thomhaltóir chomh le SMEanna le hOifig Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais cheana féin ( a sholáthraíonn seirbhís eadráin ar ghearáin árachais tomhaltóra) agus faoi *Chód Cosanta Tomhaltóra den Bhanc Ceannais 2012* (ina bhfuil riachtanais thábhachtacha maidir le le conarthaí árachais).

Istigh le moltaí an Tuarascáil tá an méid seo a leanas.

*1. Dualgas nochtadh eolais agus ar leigheas comhréireach.* Tá moltaí na Tuarascála maidir le leasú ar dhualgas nochtadh eolais an tomhaltóra agus ceart reatha an árachóra chun dliteanas a shéanadh maidir le neamhnochtadh eolais, bainteach lena chéile. Cuireann an dlí reatha dualas dochraideach ar thomhaltóir chun eolas a nochtadh go *bhféadfadh* le h"árachóir críonna" hipitéiseach brath air agus é/í ag socrú ar cheart árachais a thabhairt don tomhaltóir. Cuireann seo ar thomhaltóir iarracht a dhéanamh *tomhas* faoi céard ba mhaith le hárachóir a bheith ar an eolas faoi, fiú mura gceapann an tomhaltóir go bhfuil an t-eolas sin oiriúnach; agus nár gá don árachóir a chruthú go mbeadh sé ag brath ar an eolas sin fiú má nochtadh é. Molann an Tuarascáil gur cheart an dlí a leasú ionas nach mbeadh ar an árachóir, trí shaincheisteanna tomhaltóra a chur, a aithint cén t-eolas a gceapainn sé a bheith *oiriúnach* ina chinneadh ar cheart árachais a thabhairt don tomhaltóir agus/nó cén phréimh a ghearradh. Ba cheart oibleagáid bhainteach a chur ar thomhaltóirí chun na ceisteanna sin a fhreagairt go cúramach agus go macánta.

Faoin dlí reatha, nuair nár chomhlíon tomhaltóir le dualgas nochtadh eolais, is féidir leis an gcomhlacht árachais dliteanas a shéanadh, is é sin, diúltú aon rud a íoc faoi chonradh árachais. Molann Tuarascáil an Choimisiúin gur cur chuige "gach rud nó tada é agus ba cheart é a ionadú le córas leigheas comhréireach. Chiallódh sé seo, nuair atá neamhnochtadh eolais, mí-ionadaíocht nó sáruithe conartha eile tomhaltóra neamhchiontach nó de bharr faillí, níor cheart go mbeadh árachóirí in ann an dliteanas ar fad a shéanadh faoin gconradh árachais agus gur cheart go mbeadh orthu íocaíochtaí comhréireacha a íoc don tomhaltóir. Molann an Coimisiún cumarsáid, mar sin féin, nuair atá neamhnochtadh eolais, mí-ionadaíocht nó sáruithe conartha eile tomhaltóra calaoiseach (is é sin, nuair a dhéantar d'aon ghnó é nó gan cúram), fanann ceart an arachóra dliteanas a shéanadh go hiomlán. Ba cheart go mbeadh soláthair shoiléire ann taobh istigh de na dlíthe a dhíspreagfaidh éilimh árachais.

*2. Ba cheart barántais árachais (clásail "bunús conartha" san áireamh) a dhícheadú chun tomhaltóirí a chosaint ó thorthaí mífhéarálte agus míchothrom.* Is éard is



barántais i gconarthaí árachais ná téarmaí speisialta nó coinníollacha a cheadaíonn do pháirtí do chonradh árachais (go hiondúil an t-árachóir) conradh a shéanadh agus diúltú an t-éileamh a shéanadh má tá an soláthar áirithe sin (an barántas) sáraithe. Ina measc tá aon ráiteas déanta ag tomhaltóir ina ndearbhaíonn an polasaí árachais gurb é seo "bunús conartha" idir an tomhaltóir agus an comhlacht árachais. Ciallaíonn seo mar shampla má éilíonn an tomhaltóir go mícheart go raibh aláram tí suiteáilte (nó dearbhaíonn sé/sí go mbeidh seo ina "bhunús conartha") agus go ndóinn an t-áitreabh síos de bharr sreangú leictreach lochtach, is móide go mbeidh t-árachóir i dteideal dliteanas a shéanadh faoin bpolasaí fiú mura raibh aon nasc idir an sárú barántais (asláithreacht aláram tí) agus an ócáid as ar tháinig an t-éileamh (tine).

Tagraíonn an Tuarascáil do go leor cásanna soiléirithe ag na cúirteanna ina bhfeictear spleáchas ag árachóirí ar shárú barántais agus is cosúil go bhfuil seo míchothrom agus mífhéarálte agus theip air seo cosaint shásúil a sholáthar do thomhaltóirí. Mhol an Coimisiún, mar sin, fáil réidh le coincheap na mbarántas i gconarthaí árachais tomhaltóra agus a athsholáthair le rialacha reachtúla a chumasóidh árachóirí leanacht ar aghaidh soláthair a a chur san áireamh i gconarthaí (a) a aithníonn go cruinn nó a shainmhíneann an riosca in árachais agus (b) a chosnaíonn tomhaltóirí ó éifeachtaí míchothroma an dlí reatha.

*3. Ba cheart do thríú páirtithe a bhfuil sé mar aidhm leas a bhaint as conradh árachais a bheith in ann éileamh díreach a dhéanamh i gcoinne an árachóra.* Go ginearálta, níl cearta dlíthiúla forfheidhmithe ag duine a bhfuil páirteach i gconradh ("tríú páirtí") faoin gconradh fiú nuair atá an conradh ceaptha a bheith leasmhar dó/di. Ag brath ar eisceachtaí teoranta, baineann an riail ghinearálta seo (darb ainm "riail ionpháirteachta") le conarthaí árachais. Déanann an riail ionpháirteachta deacair é (agus uaireanta dodhéanta) do thríú páirtithe chun sochair a fháil lenar cheart go mbeadh siad i dteideal dó faoi chonarthaí árachais áirithe (cuir i gcás conarthaí poiblí nó dliteanas fostóra). Ciallaíonn seo nach féidir le duine atá gortuithe go dona (b'fhéidir) cúiteamh a athghabháil go díreach ó árachóir an fhostaí nó duine eile a d'íoc agus a bhfuil polasaí árachais bailí a bhfuil curtha in iúl ann go bhfuil sé le bheith leasmhar don duine gortuithe. Is féidir le seo tarlú nuair is corp corparáideach i leachtú, glacadóireacht nó stiúrtóireacht an sealbhóir polasaí, nó indibhidiúil a fuair bás, atá ar iarraidh nó a bhfuil a c(h)umas chun cinneadh a dhéanamh á cheistiú. Molann an Coimisiún sa Tuarascáil gur cheart do thríú páirtithe a bheith ceadaithe éilimh a thabhairt i gcoinne árachóirí nuair atá sin riachtanach agus cuí; gur cheart go mbeadh siad in ann aon barrachasa íoc faoi pholasaí nuair is gá seo le leanúint ar aghaidh le cás; agus doiciméadú cuí a fháil agus eolas eile go díreach ó árachóirí nuair is gá sin.

*4. Seacháocht i dteaghlach agus dlúthchaidrimh.* Teidlíonn seacháocht (a chiallaíonn ionadú) d'árachóir a sealbhóirí polasaí a thuiscint níos fearr chun slánaíocht a sholáthar agus a gcearta mar árachóir a shlánú. In éilimh maidir le trácht bóthair, ceadaíonn seacháocht d'árachóirí a éilimh atá déanta i gcoinne a sealbhóirí polasaí a chosaint nó a shocrú agus ansin, éilimh a thosú in ainmneacha na sealbhóirí polasaí sin chun roinnt nó an méid ar fad den chúiteamh a aisghabháil. Ní dhéanann an Tuarascáil aon mholadh an t-iarratais seacháochta a leasú. Mar sin féin, is féidir le seacháocht a bheith mar dheacracht ar éilimh árachais ina bhfuil teaghlaigh agus dlúthchaidrimh i gceist. Mar shampla, má dhéanann úinéir baile éileamh árachais i gcóir damáiste a bhí mar thoradh ar mhí-iompar duine gaolta leo nó dlúthchara, teidlíonn an tseacháocht don árachóir éileamh a ghlacadh i gcoinne an chiontaí ,an gaol nó cara in ainm an úinéir tí, (agus b'fhéidir nach bhfuil inárachas). Mar thoradh air sin, seans go mbeadh brú mífhéarálte ar an duine inárachais, an t-úinéir tí, ón árachóir gan éileamh a dhéanamh i gcóir cúitimh, nuair is éileamh breá bailí é. Chun seo a sheachaint, molann an Tuarascáil nach bhfuil cead ag seacháocht i gcásanna mar seo.

5. *Moltaí eile*. I measc mholtaí eile na Tuarascála tá an méid seo:

- Ba cheart go mbeadh ar árachóirí an méid seo a dhéanamh: tomhaltóirí a sholáthar le doiciméid scríofa ar bhealach atá éasca a thuiscint ina bhfuil príomhthéarmaí an chonartha; rabhaidh shoiléire a sholáthar ar na cúinsí a bhaineann le neamhchomhlíonadh dualgaisí reachtúla sa Tuarascáil; agus chun tomhaltóirí a sholáthar le doiciméid polasaí chomh luath agus is féidir nuair atá an conradh críochnaithe.
- ba cheart go mbeadh dualgas ar thomhaltóirí préimheanna a íoc taobh istigh d'am réasúnach agus dualgas ar árachóirí dul i ngleic le héilimh agus gearáin go sciobtha agus go féarálte.
- Ba cheart go mbeadh na soláthair ghinearálta reachtúla ar théarmaí conartha mífhéarálte leasaithe do conarthaí árachais tomhaltóra (chomh maith leis sin, nach mbeidh téarmaí conartha árachais cinnte mífhéarálte nuair a mhachnaigh an t-aráchóir ar áireamh na préimhe agus nuair a cuireadh seo ar an eolas don tomhaltóir).
- Ba cheart fáil réidh leis an riachtanas gur gá go bhfuil "suim inárachais" ag tomhaltóir sa riosa atá curtha faoi árachais (ar a bhfuil cur síos déanta ar an dlí mar "phraiseach neamhloighiciúil") agus ba cheart go mbeadh riail ina áit go cuirfead ceist ar an tomhaltóir go simplí chun cruthú cén chailliúint ar leith a rinneadh nuair atá an t-éileamh déanta.

### **3.(b) Cosc ar Leasa ó Dhúnmharú**

I 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Chosc ar Leasa ó Dhúnmharú* (LRC 114-2015) (4<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 7, Modúl 1). Faoi roinn 120 den *Acht Comharbais 1965*, ní fhaighidh duine ar an bpointe mar oidhreacht aon chuid d'eastát dhuine a dhúnmharaigh sé/sí, a rinne iarracht a dhúnmharú nó a mharaigh agus gur dúnorgan atá ann. I gcinneadh de chuid na hArd-Chúirte i 2011, *Cawley v Lillis*<sup>4</sup>, dearbhaíodh nach mbaineann roinn 120 den Acht 1965 nuair a mharaíonn chomhthionónta a c(h)éilí a raibh ina chomhthionta ag am an bháis. Is amhlaidh mar i gcomhthionóntacht nuair a fhaigheann tionónta bás, téann an tsuim iomlán go huathoibríoch don chomhthionónta beo (faoi na "cearta marthana") agus ní bheadh an t-áitreabh coinnite sa chomhthionóntacht mar chuid d'eastát an chomhúinéara nach maireann. Dar leis an Ard-Chúirt (Laffroy J), faoin dlí reatha, ba cheart suim an duine bhásaithe a dul go dtí an céilí beo - an maraitheoir - in aontaobhas d'iníon an duine bhásaithe. Mhol an Chúirt gur cheart an dlí sa réimse seo a athbhreithniú, agus rinne Tuarascáil an Choimisiúin 2015 seo.

Mhol an Tuarascáil go raibh gá le leasú reachtúil cuimsitheach chun an dá phrionsabal ginearálta a chur i bhfeidhm ionas nach mbainfeadh an duine aon leas as an olc a rinne sé/sí, go háirithe maidir le dúnmharú, agus nár cheart go n-éireodh aon cúis ghnímh óna g(h)níomh olc. Tá seo le cinntiú go bhfuil na prionsabail bainteach ní amháin faoi dhlí comharbais agus freisin chun ciontóir a sheachaint ó leas a bhaint as aon gcomhthéacs eile, is cuma faoi chomhthionóntacht nó, mar shampla, polasaí árachais saoil nó pinsean. Bhí istigh leis an Tuarascáil dréacht Bille *Dlíteanas Sibhialta (Leasú) (Cosc ar Leasa Ó Dhúnmharú)*, a chuirfeadh isteach Páirt nua IIIA sa *Acht Dlíteanas Sibhialta 1961*, chun seo a chur i bheidhm.

I measc na moltaí sa Tuarascáil tá an méid seo:

1. I gcás ina bhfuil áitreabh coinnite i gcomhthionóntacht, ba cheart bac a chur an an gciontóir ón leas a fháil ó cheart marthana; agus gur cheart suimeanna dleathacha agus leasmhara an áitribh coinnithe faoin gcomhthionóntacht idir an t-íospartach agus an ciontóir a mheas mar scoite ón dáta inar ndearnadh an cion; agus tá súil

---

<sup>4</sup> [2011] IEHC 515, [2012] 1 IR 281.

- (ag brath ar an chéad mholadh eile) go bhfuil ar laghad leath de shuim an áitribh coinnithe ag an íospartach.
2. Is féidir leis an gcúirt an méid agus an luach le bheith coinnite ag an gciontóir a shocrú le bheith a leithéid de leibhéal mar a mhacnaíonn an chúirt a bheith cóir agus cothrom, agus é á chur san áireamh go raibh an ceart marthanais curtha chun cinn ag an dúnmharú agus do gach cúinse cuí eile. Thagair an Tuarascáil do *O'Brien v McCann*, cás ón Chúirt Chuarda 1998, inar fágadh le 15.7% de luach iomlán an tí bhaile don chosantóir (a dhúnmharaigh a bhean chéile) a raibh i gcomhthionóntacht idir an cosantóir agus a bhean chéile.
  3. Ba cheart go mbainfeadh an reachtaíocht fhéideartha ag baint leis na trí phríomhchineál dúnmharú (dúnmharú, iarracht dúnmharaithe agus dúnorgan), ach níor cheart go mbainfeadh seo le cionta eile as ar tháinig an bás, cuir i gcás tiomáint chontúirteach agus bás dá bharr.
  4. Nuair a dhéanann ciontóir dúnorgan, ba cheart cumhacht a thabhairt do chúirt chun an rial a leasú nó a dhéanamh míbhainteach go hiomlán ionas nach mbainfeadh an ciontóir aon leasa amach, ach amháin má tá an chúirt sásta go bhfuil gá leis seo ar mhaithe le ceartas. Cheadódh sé seo don chúirt, cás a chur san áireamh dá gciontófaí céilí as dúnorgan agus go raibh cúinsí maolaitheacha agus stair fhada d'fhoréigean baile agus cion ar tí tarlú.
  5. Ag cur béime ar nádúr sibhialta na moltaí, bainfidh an reachtaíocht mholta leis an méid seo, mura bhfuil cúiseamh coiriúil nó ciontú den chiontóir, agus ina theannta sin, gur amhlaidh seo mar go bhfuair an ciontóir bás sular ciontaíodh é/í nó mar tharla an ciontú taobh amugh den Stát; agus bhainfeadh sé freisin nuair a mheastar duine a bheith neamhinniúil a thraoiáil nó neamhchiontach de bharr gealtachta faoin *Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006*.
  6. In aon imeachtaí cúirte faoi reachtaíocht mholta, d'ordódh an chúirt, seachas i gcúinsí eisceachtúla, go n-íocfar costais na n-imeachtaí ag an gciontóir: is de bharr nach dtarlódh a leithéid d'imeachtaí ach go ndearna an ciontóir gníomh olc.
  7. Maidir le himeachtaí probháide atá bainteach, nuair a fhaigheann duine bás i gcúinsí as a dtagann fiosriúchán coiriúil agus go bhfuil ciontú do dhúnmharú nó dúnorgan ar feitheamh, is féidir le duine a bhfuil suime acu ann (mar shampla, neasghaol) dul i mbun caveat san oifig phrobháide a bhaineann le heastát an duine bhásaithe; agus a fhad is atá an caveat i bhfeidhm, níor cheart go mbeadh aon aistriú d'aon eastát nó suim a bhfuil éifeacht acu ag an caveat.
  8. Ba cheart duine atá ciontaithe as dúnmharú nó dúnorgan a thoimhdiú gan a bheith i dteideal ar dheontas probháide nó litreacha riaracháin gan tiomna in eastáit an íospartaigh: ba cheart an toimhde seo a bheith mar fhrisnéis, chun freastal ar na cásanna ina orduithe discréide gur cheart an riail a chur i bhfeidhm, mar atá molta sa Tuarascáil, i gcásanna dúnorgain.

### **3. (c) Cumas Cinnteoireacht Cuidithe agus Treoreacha Ard-Chúraim**

Achtaíodh an t*Acht Chinnteoireacht Cuidithe (Cumas) 2015* i mí na Nollag 2015. Shíolraigh sé seo ó mholtaí an Choimisiúin ar a Thuarascáil ar *Aosaigh Soghonta agus an Dlí* (Lrc 83-2006) (2<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadail 27 agus 28) chun ionadú a dhéanamh ar bhardaí an chórais chúirte le le fráma reachtúil nua-aimseartha ar chumas cinnteoireachta d'aosaigh; agus Tuarascáil an Choimisiúin ar *Bhith-eiticí: Treoracha Ard-Chúraim* (LRC 94-2009) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 30), a mhol an t-achtú ar theoracha ard-chúraim.

### **3 (d) Cleachtais maidir le Forfheidhmiú Fiacha: Aistriú Príosúntachta**

D'aisghairm an t*Acht um Fhiachas Sibhialta (Nósanna Imeachta), 2015* féidireacht na príosúntachta as gan fiacha a íoc, mar atá molta ar a Thuarascáil ar *Bhainistiú ar Fhiachas Pearsanta agus Forfheidhmiú Fiachais* (LRC 100- 2010) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 2). Cuireadh eilimintí suntasacha den Tuarascáil 2010 i bhfeidhm san *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012*.

### **3. (3) Achomhairc Chánacha**

Leasaigh an tAcht Airgeadais (*Achomhairc Chánacha*) 2015 an córas ar achomhairc chánacha agus bhunaigh sé an Coimisiún um Achomhairc Chánacha, as sin ag moladh na bpríomhmholtaí i dTuarascáil an Choimisiúin ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Ioncaim (LRC 77-2004) ( a shíolraigh as iarratais i 2002 ón Atur nae Ginearálta faoin Acht Choimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975).

## **4. DLÍ FIANAISE**

### **4. (a) Achtanna ar Chlostrácht, Fianaise Doiciméadach, Fianaise Saineolaíoch agus Daingniú Fianaise**

Le linn 2015, mhachnaigh an Coimisiún ar an téacs dréachtaithe ar a Thuarascáil Ilchodach ar *Dhlí an Fhianaise*, a ionchorpródh trí thionscadal sa 3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí. Is iad seo: Tionscadal 7 (Fianaise Doiciméadach agus Leictreonach), Tionscadal 8 (Riail Chlostráichta) agus Tionscadal 11 (Fianaise Saineolaíoch). Istigh leis an Tuarascáil seo beidh daingniú ar Achtanna Fianaise roimh 1922 agus ó 1922 ar aghaidh, mar atá pléite ar a *Pháipéar Cinnte ar Reachtaíocht maidir le Daingniú Fianaise* (LRC IP 3-2013). Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún a Thuarascáil a fhoilsiú ar an réimse seo le linn 2016.

### **4. (b) Bunachar Sonraí DNA**

Cuireadh i bhfeidhm an tAcht um Cheartas Coiriúil (*Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair DNA*) 2014, a leagann amach an bunús reachtúil do Bhunachar Sonraí DNA teoranta agus a leasaigh agus a chur ina áit reachtaíocht a bhí ann cheana maidir le fianaise DNA a thógáil, agus rinneadh seo i 2015. Síolraíonn an tAcht 2014 ó Thuarascáil an Choimisiúin 2005 ar *Bhunú Bunachar Sonraí DNA* (LRC 78-2005) (a d'éirigh as iarratas 2002 ón Atur nae Ginearálta faoin Acht Choimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975)

## **5. DLÍ TALÚN, COMHARBAS AGUS IONTAOBHAI**

### **5. (a) Dlí comharbais**

I 2015, thosaigh an Coimisiún obair ar a thionscadal ar roinn 117 den *Acht Comharbais 1965* (4<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 7, Modúl 2). Dar le Roinn 117 is féidir le páiste, páiste aosta chomh maith, de thuismitheoir básaithe a rinne uacht, cur isteach ar an gcúirt do dhearbhu gur theip ar an tuismitheoir ina "d(h)ualgas morálta chun soláthar cuí a dhéanamh don pháiste" de réir mheáin an tuismitheora le linn saol an tuismitheora, in uacht an tuismitheora nó eile. Má aontaíonn an chúirt gur theip ar an tuismitheoir comhlíonadh leis an dualgas soláthar cuí a dhéanamh don pháiste, seans go mbeidh gá le hordú gur cheart soláthar mar sin dhéanamh chun a bheith cóir don pháiste eastát an tuismitheora bhásaithe. Foilseoidh an Coimisiún Páipéar Cinnte ar an tionscadal i 2016, ina phléifidh sé líon cúrsaí. ina measc: más ceart roinn 117 den Acht Comharbais 1965 a leasú chun na cúrsaí a leagan amach ina cheart an chúirt aird a thabhairt orthu ar cheart ordú a dhéanamh nó gan a dhéanamh faoi: más ceart roinn 117 a leathnú d'iarratais cheada ó pháistí de thuismitheoirí a fuair bás gan tiomna (is é sin, gan uacht); agus más gá an teorainn 6 mhí a ardú d'iarratais faoi 117 agus ar cheart go mbeadh discréd ag na cúirteann é a ardú.

#### **5. (b) Tiarna talún agus tionónta**

Maíonn Clár Reachtaíochta an Rialtais, Fómhar-Geimhreadh 2015 (Roinn B), i ndiaidh an fhoilseachán i 2012 den Scéim de *Bhille Tiarna Talún agus Tionónta* (a shíolraigh as *Tuarascáil de chuid an Choimisiúin ar Dhlí an Tiarna Talún agus Tionónta* (LRC 85-2007) (2<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 23), tá *Bille Tiarna Talún agus Tionónta* le foilsiú.

#### **5. (c) Dlí iontaobhais agus Achtanna Talamh Lonnaithe**

Maíonn clár Reachtaíochta an Rialtais, Fómhar-Geimhreadh 2015 (Roinn C) go bhfuil *Bille iontaobhais* le foilsiú a dhaingneodh agus a leasódh *Acht an Iontaobhaí 1893*, ag cur san áireamh *Tuarascáil an Choimisiúin ar Dlí iontaobhais: Moltaí Ginearálta* (LRC 92-2008) agus obair an Choimisiúin ar a thionscadal ar Dhlí iontaobhais agus Achtanna na Talún Lonnaithe (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 21), a éiríonn as an achomarc ar Achtanna Talamh Lonnaithe ag an *Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*.

### **6. DLÍ TEAGHLAIGH**

#### **6. (a) Foréigean Baile**

I 2015, d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt an *Bille Scéim ar Fhoréigean Baile Daingnithe*, a chuireann san áireamh moltaí an Choimisiúin ar an *Tuarascáil ar Ghnéithe de Fhoréigean Baile* (LRC 111-2013) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 24).

#### **6. (b) Caidrimh Teaghlaigh agus Páistí**

I 2015, achtaíodh an *tAcht Leanaí agus Caidrimh Teaghlaigh 2015*. Shíolraigh cuid 4 den Acht 2015, a leasaigh an dlí ar chaomhnóiracht leanaí, ó *Tuarascáil de chuid an Choimisiúin ar Ghnéithe Dlíthiúla Caidrimh Teaghlaigh* (LRC 101-2010) (3<sup>ú</sup> Clár ar Leasú Dlí, Tionscadal 23).

## CAIBIDIL 3 ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT

---

### RÉAMHRÁ

---

Leasaítear Dlí na hÉireann go minic ionas go n-athróidh an reachtaíocht, mar atá achtaithe, go suntasach thar am. Is é aidhm obair an Choimisiúin ar Rochtain ar Reachtaíocht ná é a dhéanamh níos éasca do gach úsáideor, proifisúnta agus eile, dlí a aimsiú ina staid reatha seachas mar a rinneadh ag an tús. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, tá trí phríomhthasc ag an gCoimisiún, an tEolaire Reachúil, Achtanna Leasaithe agus Liosta Rangaithe Reachtaíochta.

Is éard atá i gceist leis an **Eolaire Reachtaíochta** ná innéaca ar líne ar athruithe reachtúla ar reachtaíocht, i dteanta le hAchtanna roimh 1922 atá fós i bhfeidhm. Cumasaíonn sé úsáideoirí na leasaithe a aithint a bhfuil éifeacht acu ar phíosa reachtaíochta, i dteannta le soláthair atá laisghairmithe, agus sonraíonn sé má tá gá ag soláthar le ordú tosaithe chun teacht i bhfeidhm. Ó 1999 ar aghaidh, liostaíonn sé orduithe tosaithe agus eile a bhaineann le Ionstraimí Reachtúla déanta faoina cumhachta in Acht. Le linn 2015, coinníodh suas chun dáta é taobh istigh de mhí go dhá mhí.

Foilsíonn an Coimisiún **Achtanna Athbhreithnithe** chomh maith a thaispeánann gach Acht leasaithe lena leasaithe ar fad, anótáilte go hiomlán, in aon doiciméad inléite amháin. Cumasaíonn sé seo an léitheoir an dlí a fheiceáil de réir mar atá sé faoi láthair, chomh maith le heolas eile a fheiceáil ar leaganacha roimhe seo, cé na soláthair nó leasuithe a dtosaíodh orthu agus cén uair, agus iad siúd nár tosaíodh fós.

Ceadaíonn **Liosta Rangaithe Reachtaíochta** úsáideoirí an reachtaíochta atá á lorg acu a aimsiú. Foilsítear Achtanna an Oireachtais in ord croineolaíoch de réir na bliana, agus ní rangáítear iad de réir ábhair. Mar sin, fiú nuair a fhaigheann úsáideoir príomhAcht, cuir i gcás an tAcht Dlí Teaghlaigh 1995, ní chuidíonn an reachtaíocht liostaithe go croineolaíoch chun reachtaíocht dlí teaghlaigh nó leanaí eile a aimsiú. Liostaíonn an Liosta Rangaithe Reachtaíochta níos mó ná 2,000 Acht faoi 36 teideal ábhair. Mar sin, mar shampla, is féidir le húsáideoir an reachtaíochta teaghlaigh ar fad a aimsiú faoi Theideal 17 agus gach reachtaíocht ar Sheirbhísí Airgeadais agus Institiúidí Creidmheasa faoi Theideal 18. Nuashonraítear seo dhá uair sa bhliain.

---

### EOLAIRE REACHTAÍOCHTA

---

Cothabhálann an Coimisiún an tEolaire Reachtaíochta, innéacs ar athruithe reachtaíochta, a fhoilsítear ar láithrén Greásáin Reachta leictreonach na hÉireann (eISB). Déanann sé anailís ar gach reachtaíocht nua, tugann sé nóta ar a éifeachtaí ar an reachtaíocht reatha, agus déanann sé taifead i dtáblaí a bhaineann le gach aon Acht. Mar sin, mar shampla, chun na athruithe uile a fheiceáil ar an *Acht Comharbais 1965* a rinneadh ó achtaíodh é, is féidir le húsáideoir an tAcht 1965 liostaithe ar an eISB, agus breathnú ar an tábla athruithe nascaithe.

Tá leis an Eolaire Reachtaíochta chomh maith táblaí ó Achtanna roimh 1922 atá fós i bhfeidhm. Istigh leis freisin tá táblaí ar ionstraimí reachtúla agus éifeachtaí reachtúla déanta ag ionstraimí reachtúla ón ráta reatha siar ar an 1 Eanáir 1999. Pleanálann an Coimisiún an tEolaire a fhadú d'ionstraimí reachtúla siar níos faide de réir mar a cheadaíonn na hacmhainní atá ann.

Cothabhálann an Coimisiún an tEolaire Reachtaíochta i dhá fhormaid - formáid níos sine a fuair an Coimisiún mar oidhreacht i 2006, a liostaíonn na héifeachtaí reachtaíochta amháin, agus formáid níos nua a thosaigh an Coimisiún ina bhfuil eolas tosaithe agus reachtaíocht thánaisteach a bhaineann leis chomh maith leis na héifeachtaí reachtaíochta. I 2015, leathnaíodh an fhormaid nua siar ó 2005 go 1999.

Coinníodh an tEolaire Reachtaíochta suas chun dáta taobh istigh de mí go dhá mhí i 2015.

Ag an deireadh i 2015, thosaigh an Coimisiún an t-aistriú ar an Eolaire Reachtaíochta a chur i bhfeidhm ó bhailiúchán comhad go bunachar sonraí. Leanfaidh an obair ar aghaidh i 2016 agus leagfaidh sé an bunús d'éifeachtúlacht níos mó on obair de chuid fhoireann Rochtain ar Reachtaíocht.

---

## ACHTANNA ATHBHREITHNITHE

---

### **Achtanna Athbhreithnithe**

Ullmhaíonn an Coimisiún agus déanann sé nuashonraithe ar dhaignithe riaracháin de níos mó ná 260 Acht, a aithnítear mar Achtanna Athbhreithnithe. Leasaíodh go téacsúil beagnach leath de na hAchtanna seo ó 2006 ar aghaidh, seachas Achtanna Airgeadais agus Leasa Shóisalaigh. Is iad na cinn eile ná Achtanna roghana roimh 2006 agus ina measc tá grúpaí cosúil le fostaíocht, dlí leanaí, dlí teaghlaigh agus Achtanna Bóthair agus Tráchtá, chomh maith le hAchtanna eile a úsáidtear go minic cosúil le Cosaint Sonraí, Pleanáil agus Forbairt agus Achtanna Rialtais Áitiúla. Tá an t-ullmhúchán ar Achtanna Athbhreithnithe cuidithe ag obair an Choimisiúin ar an Eolaire Reachtaíochta.

Nuashonraítear na hAchtanna Athbhreithnithe taobh istigh de dhá mhí díobh a bheith leasaithe agus foilsítear iad ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin le nasc ó leathanach baile an eISB. Tá na hathruithe ar fad annótáilte lena n-acmhainní agus eolas tosaithe. I 2015 nuashonraíodh níos mó ná 100 Acht Athbhreithnithe taobh istigh de dhá mhí, roinnt acu iliomad amanta.

Is féidir seo a fhéiceáil ag

<http://www.lawreform.ie/revised-acts/alphabetical-list-of-revised-acts.360.html>.

---

## LIOSTA RANGAITHE REACHTAÍOCHTA

---

### **Liosta Rangaithe Achtanna**

Déanann an Coimisiún cothabháil ar liosta Achtanna atá i bhfeidhm rangaithe faoi 36 ceannteideal nó teideal. Foilsítear dhá uair sa bhliain é, leis na heagráin 2015 i Márta agus Lúnasa.

Tá reachtaíocht na hÉireann ar fáil faoi láthair don phobal san ord ina bhfuil sé déanta agus liostaítear é ar an eISB go croineolaíoch de réir uimhreach. Déanann sé seo deacair é do dhlíodóirí agus don phobal araon fios a bheith acu ar na hAchtanna éagsúla le teideal cosúil le dlí timpeallachta, rialtas áitiúil nó pósadh. Grúpáil an Liosta Rangaithe na hAchtanna le chéile de réir ábhair agus mar sin is pointe rochtana úsáideach é. Tá sé ar fáil ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin agus nascaítear é ó leathanach baile an eISB.

### **Liosta Rangaithe Ionstraimí Reachtúla**

Le linn 2015, lean an Coimisiún a chuid oibre forbairt a dhéanamh ar Liosta Rangaithe ionstraimí reachtúla chun dul leis an Liosta Achtanna. Fuarthas an t-aiseolas deireanach ó Ranna Rialtais le linn 2015 agus ionchopraíodh sa téacs seo, agus a ummhúchán ag teacht chun conclúide. Aithníodh go leor ionstraimí mar caite, as dáta, dímholta nó míchuí. Tá sé ar intinn go n-oibreoidh an liosta seo mar liosta oibriúchán, a leasófar de réir mar a thagann eolas chun solais, agus a fhreastalóidh mar acmhainn do dhréachtóirí agus reachtóirí chun cuidiú le cúlghairm reachtaíochta, ag tabhairt solais níos soiléire ar an leabhar reachta. Le cruthú Eolaire na Reachtaíochta d'ionstraimí reachtúla, tá taisclann inrochtana go poiblí ann chun nóta a dhéanamh de chúlghairm agus athruithe eile ar ionstraimí reachtúla.



## CAIBIDIL 4 RIARACHÁN

---

### RÉAMHRÁ

---

Tá sé mar aidhm ag Riaracháin an Choimisiúin soláthar a dhéanamh ar sheirbhísí riaracháin corparáideacha gnó atá éifeachtach, nua-aimseartha agus profisiúnta don Choimisiún chun tacaíocht a thabhairt chun a chuspóirí a bhaint amach. Is an toradh ná timpeallacht oibre ina dtacaíonn aonaid riaracháin obair dhlíthiúil an Choimisiúin trí sheirbhísí tacaíochta gnó corparáideacha den chéad scoth a sholáthar, cuir i gcás, bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais, tacaíocht dhlíthiúil agus corparáideach, teicneolaíocht faisnéise, agus seirbhí leabharlainne agus eolais.

Tá struchtúr reatha eagraíochta an Choimisiúin (ó Nollag 2015) leagtha amach san Aguisín.

---

### AN COIMISIÚN

---

Istigh leis an gCoimisiún tá Uachtarán agus ceithre Choimisinéirí. Ceaptar na Coimisinéirí ag an Rialtas do théarma suas go cúig bliana, agus is féidir a gceapachán a athnuachan. Is é Uachtarán an Choimisiúin, an tUasal John Quirke, seanbhreithamh de chuid na hArd-Chúirte. Is abhchóide í Finola Flanagan, an Coimisinéir lánaimseartha agus Iarstiúrthóir Ginearálta d'Oifig an Aturnae Ghinearálta. Is iad na trí Choimisinéir pááirtaimseartha ná: an tOllamh Donncha O'Connell, Scoil an Dlí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an tUasal Tom O'Malley, abhchóide dlí, agus Scoil an Dlí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; agus suas go Lúnas 2015, An Breitheamh Marie Baker, breitheamh ar an Ard-Chúirt agus, ó Mhéan Fómhair 2015, an Breitheamh Carmel Stewart, breitheamh ar an Ard-Chúirt.

Déanann an Coimisiún moltaí don rialtas ar ábhar an chlár ar leasú dlí, cineann sé ábhair an taighde den Choimisiún (istigh i bPáipéir Chinnte agus Tuarascálacha). agus déanann sé cinntí móra riaracháin agus airgeadais. Bualann an Coimisiún go foirmeálta mar chorp ar a laghad deich uair sa bhliain.

---

### COISTE BAINISTÍOCHTA

---

Istigh i gCoite Bainistíochta an Choimisiúin, bhí Coimisinéir lánaimseartha, Ceann Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde agus an Bainisteoir Tionscadail ar Rochtain ar Reachtaíocht. Bualann an Coiste Bainistíochta ar bhun rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhchúrsaí atá bainteach le hoibriúchán éifeachtach an Choimisiúin. Is é ceann na príomhfhreagrachtaí de chuid an Choiste ná monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna a bhaint amach leagtha amach i bPlean Gnó Bliantúil an Choimisiúin atá nuashonraithe gach ceathrú den bhliain.

---

### FOIREANN RIARACHÁIN

---

Bhí Ceann Riaracháin agus foireann cúigear ag foireann riaracháin agus leabharlainne an Choimisiúin ó Nollaig 2015.

Le linn 2015, bhí freagracht iomlán ag an Riarachán ar an méid seo:

- Bainistiú, próiseáil agus tuairisciú ar aistrithe airgeadais sa Choimisiúin
- Bainistiú ar lóistín an Choimisiúin agus infrastuchtúr Theicneolaíocht Faisnéise
- Bainistiú ar fheidhm achmhainní daonna an Choimisiúin
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar don fheidhm taighde
- Ag déanamh feidhmeanna éagsúla riaracháin maidir le láinseálacha foilseachán agus an foilsiú ar líne ar Pháipéir Chinnte agus Tuarascálacha (le teorainn de na Tuarascálacha priontáilte).

Shocraigh an Riarachán do dháileadh foilseacháin an Choimisiúin agus pleanáil agus eagrú tascanna éagsúla bainteach le láinseáil foilseacháin an Choimisiúin chomh maith le bainistiú imeachtaí agus seirbhísí corparáideacha bainteach le láinseálacha agus seimineáir.

---

## FOIREANN TAIGHDE AGUS LEABHARLAINNE

---

Is é príomhról na foirne taighde téacanna dréachtaithe a fhorbairt mar ábhar machnaimhe don Choimisiún. Tá ag baint le seo ullmhú ar Pháipéar Scópála do thionscadal a leagann amach na paraiméadéir do na hábhair á bplé. Sna staideanna deireanacha de thionscadal is éard atá i gceist ná forbairt ar Pháipéar Cinnte Dréachtaithe nó Tuarascáil agus, má cheapeann an Coimisiún go bhfuil sé cuí, Páipéar Seimineáir.

### **Foireann Taighde**

Is é ceann fhoireann taighde ar leasú dlí ná an Stiúrthóir Taighde, Raymond Byrne, Abhchóide, agus roimhe seo, Scoil an Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Déantar maoirseacht ar Obair Rochtana ar Reachtaíocht de chuid an Choimisiúin (an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Athbhreithnithe agus Liosta Rangaithe Reachtaíochta) ag Bainisteoir Rochtain ar Reachtaíocht, Alma Clissmann, Dlíodóir, agus Bainisteoir Tánaisteach, Jane Murphy, Abhchóide. Le linn 2015, d'earcaigh an Coimisiún taighdeoirí dlíthiúla gafa i gconarthaí téarma socraithe chun cinntiú go raibh ocht áit lánaimseartha do Thaighdeoirí Dlíthiúla.

Bainistíonn agus ceannasíonn an Stiúrthóir Taighde an fhoireann taighde ar leasú dlí, agus ginearálta comhairlíonn agus cuidíonn sé le taighdeoirí agus é mar aidhm cinnteacht aschuir chuí agus cáilíocht oibre. Is éard atá i gceist leis seo, taighde cúlra ginearálta, ag ullmhú Páipéar Scópála, ag ullmhú doiciméid dhréachtaithe agus Páipéir Chinnte dréachtaithe agus Tuarascálacha mar ábhar machnaimh don Choimisiún. Buailéann an Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir Rochtain ar Reachtaíocht agus an Bainisteoir Tánaisteach, agus an fhoireann taighde dhlíthiúil go rialta mar ghrúpa chun tuairimí a mhalartú ar na réimsí éagsúla taighde. Spreagtar taighdeoirí chun foilsiú in irisleabhair dlí le linn a gcuid ama leis an gCoimisiún. Istigh leis seo tá airteagal ag déileáil le réimsí ina bhfuil an taighdeoir rannpháirteach gníomhach.

### **Seirbhísí Leabharlainne agus Eolais**

Is é ról leabharlann an Choimisiúin ná riachtanais a mheas agus iad a fhreagairt do riachtanais na gCoimisinéirí agus Foireann Taighde an Choimisiúin do sheirbhísí leabharlainne agus eolais.

Le linn 2015, d'oibrigh an Bainisteoir Eolas Dí/ Leabharlannaí i gcomhairle le foirne taighde chun rochtain thráthúil a sholáthar d'acmhainní nua leictreonacha agus cóip crua. Dáileadh feasachán inmheánach d'fhorbairtí dlíthiúla reatha, ag díriú ar éadálacha nua leabharlainne, don fhoireann ar bhun seachtainiúil.

---

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

---

De réir *Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Éifeachtúlacht Fuinnimh ar úsáid ag teacht chun deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009* (SI uimh. 542 de 2009) agus an Teoir2006/32/EC, chinntigh an Coimisiún le linn 2015 gur thóg sé na céimeanna cuíthe maidir le caomhnú fuinnimh agus cleachtais laghdaithe.

---

## AIRGEADAS

---

### **Ioncam agus Caiteachas**

Maoinítear an Coimisiún ag deontas ón Aire Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe. Ba é an t-ioncam iomlán a fuarthas i 2015 ó na hacmhainní ar fad (san áireamh, deontais, glanmhaoiniú iarchurtha ó phinsin, aistrithe do chuntas caipitil, díolachán ar fhoilseacháin agus ioncam ón Roinn Coimirce Sóisialaí) ná **€1,983,398**.

Ba é an caiteachas i 2015 ná **€1,984,461**. Chlúdaigh an caiteachas tuarastail agus aoisliúntas Choimisiúirí agus foirne, cíos agus costais reatha áitribh, cothabháil ar leabharlann an Choimisiúin, cothabháil ar líonra theicneolaíocht Faisnéise an Choimisiúin agus costaisí priontála agus dáilte.

---

## SOCRÚCHÁIN RIALACHAIS

---

Baineann freagracht agus cuntasacht as gníomhaíochta an Choimisiúin leis an gCoimisiún. Tá an Coimisiún cuidithe sa ról sin ag an gCoiste Bainistíochta, an Riarachán agus an fhoireann Taighde. Is é Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin ná an Stiúrthóir Ginearálta d'Oifig an Aturnae Ghinearálta.

### **Inniúchadh Seachtrach**

Faoi nósanna imeachta cuntasaíochta reatha, tarraingítear airgead síos ó Oifig an Aturnae Ghinearálta ar bhun míosúil trí bhealach deontais. Déantar monatóireacht ar smachtaí airgeadais inmheánacha an Choimisiúin ag an Reachtaire agus Inniúcháir Ginearálta ar bhun bliantúil. A fhad is a ghlactar leis na cuntais, seoltar iad don Aire Caiteachas Phoiblí agus Achóirithe agus leagtar os comhair Thithe an Oireachtais iad de réir an Acht um *Athchóiriú Díl de chuid an Choimisiúin 1975*.

### **Coiste Inniúchaidh**

Déantar inniúchadh ar an gCoimisiún ag an gCoisite Inniúchta d'Oifig an Aturnae Ghinearálta.

### **Íocaíochtaí Pointeáilte**

Níor cuireadh aon pionóis úis as a bheith déanach ar an gCoimisiún le linn 2015 faoin *Acht Iocaíochtaí Pointeáilte Cuntaisí 1997*, mar atá leasaithe ag *Rialacháin na gComhphobail Eorpacha (Íocaíocht Dhéanach in Aistrithe Tráchtála 2002*.

## Achtanna ar Eiticií in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

Is corp poiblí é An Coimisiún ar Leasú Dlí do chuspóirí *Achtanna ar Eiticií in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001*.

### Ag Tuairisciú Riachtanais faoin gCód Cleachtais do Rialachas Choirp Stáit

Sóláthraíonn an Cód Cleachtais fráma oibre d'fheidhmiú dea-chleachtais i rialachas corparáideach ag coirp thráchtála agus neamhthráchtála stáit. Déanann an Cód imríne ar riachtanais chomhlíonta do choirp neamhthráchtála cuir i gcás an Coimisiún ar Leasú Dlí i líon réimsí:

- Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais
- Córas Smachta Airgeadais Inmheánach
- Iompar Stiúrthóirí agus Fostaithe
- Soláthar
- Taisteal agus Cothú
- Bainistíocht Riosca
- Ráiteas Aschuir

### Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais

The figures below set out the salaries, expenses, and costs incurred of attending conferences, for the President and 4 Commissioners.

Leagann na figiúirí thíos amach tuarastail, táillí, caiteachais agus costais bainteach le freastal ar chomhdhála, don Uachtarán agus an 4 Coimisinéirí.

<i>Ainm Coimisinéara</i>	<i>Uimh. de Chruinnithe Freastal aithe</i>	<i>Tuarasat al/ Táillí</i> €	<i>Costaisí Taistil do Chruinnithe an Choimisiúin</i> €	<i>Freastal ar Chomhdhála agus léachtaí</i> €
<i>Uachtarán</i> An tUasal, an Breitheamh John Quirke, (Athcheaptha in Iúil 2015 do thréimhse 5 bliana)	10	48,000	0	2,442
<i>Coimisinéir (lán-aimseartha)</i> Finola Flanagan (athcheaptha do Mhárta 2015 do thréimhse bliain amháin)	10	175,193	0	2,396
<i>Coimisinéirí (Páirtaimeartha)</i>				
An tOllamh Donncha O'Connell (athcheaptha in Iúil 2015 do thréimhse 5 bliana)	9	0	1,418.94	0
An tUasal Tom O'Malley (athcheaptha in Iúil 2015 do thréimhse 5 bliana)	9	0	826.02	0
An Breitheamh Marie Baker (suas go mí Iúil 2015)	7	0	0	0
An Breitheamh Carmel Stewart (ceaptha i Meán Fómhair 2015 do thréimhse 5 bliana)	3	0	0	0

Ceapadh an tUachtarán agus athcheapadh sa bhliain 2015 é ar bhun páirtaimseartha agus aontaíodh ar a thuarastal de réir treoracha cuíthe Rialtais. Tá tuarastal an Choimisinéara ag leibhéal Rúnaí Ginearálta agus de réir aontuithe pá Rialtais. Ní fhaigheann Coimisinéirí Páirtaimseartha aon tuarastal nó táillí ó pholasaí "tuarastal aon Stáit".

Tá costaisí taistil do chruinnithe and Choimisiúin do na Coimisinéirí páirtaimseartha bainteach le taisteal taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, agus tá gach éileamh de réir polasaí taistil an Rialtais. Tá na figiúirí thuas measta agus beidh siad le híoc i 2016 d'éilimh taistil don dá bhliain 2014 agus 2015.

I 2015, sheas an tUachtarán agus an Coimisinéir lán-aimseartha don Choimisiún ag 4 imeacht leasú dlí taobh amuigh den Stát. Eagraíodh agus íocadh as eiltí agus lóistín roimh ré ag an Aonad Dlíthiúil agus Seirbhísí Corparáideacha de réir polasaí taisil Rialtais, agus dearbhaíodh aon chostas eile. Ba iad na 4 imeachtaí seo ná:

- Márta 2015: Léacht Scarman 2015 ("An Fiontar ar Leasú Dlí: Ag Measúnú an Ama atá Caite agus ag Pleanáil don Todhchaí" curtha i láthair ag an Geoffrey Palmer, iarChathaoirleach ar Choimisiún Dlí na Nua-Shéalainne) i gcomhpháirt le Coimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige (Londain);
- Aibreán 2015: Comhdháil den Chumann Comhlathais ar Ghníomhaireachtaí Leasú Dlí (CALRAs), i gcomhpháirt le Coimisiún Dlí na hAlban (Dún Éideann);
- Meitheamh 2015: Comhdháil ar Choimisiúin Dlí Shasana/ na Breataine Bige ,na hAlban, Geirsí agus na hÉireann (Londain); agus
- Iúil 2015: Léacht chun an 50ú cuimhneachán de Choimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige a chomóradh (Londain).

### **Córas Smachta Airgeadais Inmheánach**

Tá córas cuí ag an gCoimisiún ar Leasú Dlí do smacht airgeadais inmheánach a athbhreithnítear gach bliain ag an Reachtaire agus an tInniúchtóir Ginearálta agus ag an gCoiste Inniúchta d'Oifig an Aturnae Ghinearálta.

### **Iompar Coimisinéirí agus Fostaithe**

Tá Cód Iompar Gnó ag an gCoimisiún ar Leasú Dlí do Choimisinéirí a bhfuil glactha leo go foirmeálta. Is státseirbhísigh iad foireann Riaracháin an Choimisiúin agus tá orthu comhlíonadh le riachtanais na Státseirbhíse maidir le Cód Caigneáin agus Iompair agus an *tAcht Rúin Ofigiúla 1963*.

### **Soláthar**

Déantar soláthar sa Choimisiúin ar Leasú Dlí ag an bhfoireann Riaracháin agus cinntíonn siad go bhfuil soláthar de réir ciorcláin an Rialtais agus treorlínte AE. Bíonn siad i dteagmháil go rialta leis an Oifig Soláthair chun úsáid a bhaint as seirbhísí bainistithe lárnaíthe nuair atá ar fáil don oifig.

### **Cár Riosca an Choimisiúin**

Nuashonraíodh Clár Riosca an Choimisiúin i Samhain 2015 agus coinnítear faoi athbhreithniú rialta é ag an gCoimisiún.


**Ráiteas Straitéise**

Meaitseálar Príomh-Chuspóirí an Choimisiúin sa *Ráiteas Straitéise 2015-2017* ag leibhéal eagraíochta le spriocanna leagtha amach i bPlean Gnó an Choimisiúin. Is éard atá sa Phlean Gnó ná spriocanna ceathrú bliana faoi gach aon chuspóir. Déantar monatóireacht ar na spriocanna seo a bhaint amach ar bhun rialta ag na Coistí Bainistíochta.

**PMDS**

Bainistítear feidhmiú gach aon bhall foirne (agus taighdeoirí dlíthiúla, atá fostaithe i gconarthaí téarma socraithe) trí PMDS.

## CAIRT EAGRAÍOCHTA



Cairt Eagraíochta an Choimisiúin ar Leasú Dlí ar an 31 Nollaig 2015